Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Aibreán 2018
(OR. en)

7517/18

CYBER 50
COPS 74
JAI 252
COPEN 78
DROIPEN 36
RELEX 267

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cibearghníomhaíochtaí mailíseacha - formheas |

1. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 22 Feabhra 2018 bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí maidir leis an obair leantach tar éis roinnt cibear-ionsaithe a rinneadh le déanaí, ag féachaint ar na féidearthachtaí a bhfuil súil leo faoin gCreat don Fhreagairt Chomhpháirteach Thaidhleoireachta ón Aontas ar Chibearghníomhaíochtaí Mailíseacha. Le linn an phlé sin, léirigh na Ballstáit go soiléir a thábhachtaí atá sé don Aontas freagairt iomchuí a thabhairt ar ghníomhaíochtaí den sórt sin agus thug siad aird ar roinnt roghanna a d'fhéadfaí a mheas mar ghníomh ba chóir déanamh.

2. Ag an gcruinniú den Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna a bhí ar siúl ar an 5 Márta 2018 rinneadh na roghanna sin a fhorbairt tuilleadh le cabhair ó SEGS agus phléigh na Ballstáit iad. Ag an bplé sin cinneadh gurb é freagairt ón Aontas Eorpach i bhfoirm Conclúidí ón gComhairle an rogha is fearr. Gheall SEGS go n-ullmhódh sé dréacht-téacs le haghaidh Conclúidí ón gComhairle maidir le cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 19 Márta 2018[1].

[1] 7309/18.

3. Le dhá bhabhta de na tráchtanna scríofa a rinne na toscaireachtaí maidir leis an dréacht-téacs, a cuireadh ar fáil faoin 27 Márta agus faoin 4 Aibreán 2018 faoi seach, bhí ar chumas na hUachtaránachta an buntéacs a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú i gcomhréir le tuairimí na mBallstát[2] roimh é a phlé agus bailchríoch a chur air ag an gcruinniú den Mheitheal Chothrománach um Chibearcheisteanna ar an 10 Aibreán 2018.

4. Le linn an chruinnithe sin d'iarr na toscaireachtaí go ndéanfaí athruithe beaga breise - ar athruithe iad a aontaíodh ag an gcruinniú - ar an téacs. I ngeall ar sin, bhí an Uachtaránacht in ann an chaibidlíocht faoi na dréachtchonclúidí sin ón gComhairle a thabhairt chun críche agus an téacs comhréitigh deiridh[3], a d'fhormhuinigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála freisin ar an 10 Aibreán 2018, a ullmhú.

5. Ar an mbonn sin, iarrtar ar COREPER a iarraidh ar an gComhairle na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

---

[2] 7584/18 agus 7584/1/18 REV1.
[3] 7584/2/18 REV2.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cibearghníomhaíochtaí mailíseacha**

Cuireann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá cibearspás domhanda oscailte saor cobhsaí slán, ina bhfuil feidhm ina n-iomláine ag cearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta, ar mhaithe le folláine shóisialta, fás eacnamaíoch, rathúnas agus iomláine ár sochaithe saora daonlathacha.

Meabhraíonn an tAontas a chonclúidí maidir le creat don fhreagairt chomhpháirteach thaidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseacha[1] atá ina rannchuidiú[...] chun coinbhleachtaí a chosc, ar mhaithe le comhar agus cobhsaíocht sa chibearspás trí bhearta a leagan amach laistigh den chomhbheartas eachtrach agus slándála, lena n-áirítear bearta sriantacha, ar féidir úsáid a bhaint astu chun cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc agus a fhreagairt.

Cuireann an tAontas in iúl gur údar mór imní dó an méadú atá tagtha ar chumas agus ar thoilteanas tríú stát agus gníomhairí neamhstáit a gcuid cuspóirí a shaothrú trí dhul i mbun cibearghníomhaíochtaí mailíseacha agus leanfaidh sé air ag neartú a chumais tabhairt faoi chibearbhagairtí. Aithníonn an tAontas go bhfuil gá, de bharr cineál idirnasctha casta an chibearspáis, le hiarrachtaí comhpháirteacha ó rialtais, ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta, ón gcomhphobal teicniúil, ó úsáideoirí, agus ó lucht léinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus iarrann sí ar na geallsealbhóirí sin na freagrachtaí sonracha sin atá orthu a aithint agus a ghlacadh chucu d'fhonn cibearspás oscailte, saor, slán agus cobhsaí a choinneáil.

Cáineann an tAontas go géar úsáid mhailíseach teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna), amhail *Wannacry* agus *NotPetya*, a rinne damáiste agus caillteanas eacnamaíoch suntasach san Aontas agus níos faide i gcéin. Déanann teagmhais den chineál sin an cibearspás agus an domhan iarbhír araon a dhíchobhsú ós rud é gur fusa míthuiscint a bhaint astu agus go bhféadfaidh siad cúrsaí a chur ag imeacht in ainseal. Cuireann an tAontas i bhfios go bhfuil úsáid TFCanna chun críocha mailíseacha doghlactha os rud é go ndéanann sí dochar don chobhsaíocht, don tslándáil agus don leas a chuirtear ar fáil leis an idirlíon agus le húsáid TFCanna.

[1] 9916/17.

Leanfaidh an tAontas den seasamh go bhfuil an dlí idirnáisiúnta infheidhme i gcás an chibearspáis agus cuireann sí i dtreis go bhfuil urraim don dlí idirnáisiúnta, Cairt NA go háirithe, bunriachtanach chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a choinneáil. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór do stáit gan ionadaithe a úsáid chun gníomhaíochtaí éagóracha idirnáisiúnta a dhéanamh trí leas a bhaint as TFCanna, agus ba cheart dóibh a áirithiú nach mbainfidh gníomhaithe neamhstáit úsáid as a gcríoch chun gníomhartha mar sin a dhéanamh, mar a léirítear i dtuarascáil 2015 ó Ghrúpaí Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe (UNGGE) i réimse na faisnéise agus na teileachumarsáide i gcomhthéacs na slándála idirnáisiúnta.

Cuireann an tAontas i bhfáth go gcuireann comhlíonadh na ngnásanna deonacha, neamhcheangailteacha maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás le timpeallacht TFC atá oscailte, slán, seasmhach, inrochtana agus síochánta a bhaint amach. Cuireann an tAontas i dtreis nár cheart d'aon Stát gníomhaíochtaí TFC a dhéanamh atá contrártha dá n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta ná nár cheart dóibh tacú le gníomhaíochtaí den chineál sin go feasach, agus nár cheart dóibh cead a thabhairt go feasach úsáid a bhaint as a gcríoch chun gníomhaíochtaí mailíseacha a dhéanamh lena mbaintear leas as TFCanna mar atá sainráite i dtuarascáil 2015 ó UNGGE.

Cuireann an tAontas in iúl a thoilteanas leanúint ar aghaidh leis an obair chun gnásanna, rialacha agus prionsabail dheonacha, neamhcheangailteacha maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme, mar atá sainráite i dtuarascáil 2010, i dtuarascáil 2013, agus i dtuarascáil 2015 faoi seach ó UNGGE, agus faoi chuimsiú NA agus na bhfóram idirnáisiúnta eile iomchuí.